# Data Protection Commission

# Sonraí mo linbh a chosaint

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.

## Sonraí mo linbh a chosaint

Mar thuismitheoir, tá seans ann go mbeidh ort beart a dhéanamh ó am go ham chun sonraí do linbh a chosaint nó gearán a dhéanamh thar a c(h)eann, mar shampla gearán a dhéanamh lena scoil, le club spóirt nó le hardán meán sóisialta a bhfuil cuntas ag do leanbh leis. Is é cuspóir an treoirnóta seo cabhrú le tuismitheoirí a thuiscint cé na cearta atá acu i leith shonraí a leanaí i gcomhthéacsanna difriúla agus breac-chuntas a thabhairt ar na céimeanna atá le leanúint agus ábhar imní cosanta sonraí á chur in iúl acu thar ceann a linbh.

## An bhféadfaidh mé m'ábhar imní a chur in iúl go díreach don Choimisiún um Chosaint Sonraí?

Mar riail ghinearálta, ba cheart duit d'ábhar imní a chur in iúl ar dtús don eagraíocht a bhfuil sonraí do linbh ina seilbh aici, seachas teagmháil a dhéanamh láithreach bonn leis an gCoimisiún. Tá seans ann go bhfuil míniú neamhchiontach ann ar d'ábhar imní agus tá sé tábhachtach deis a thabhairt don eagraíocht an ní a réiteach léi féin. Más rud é nach bhfaighidh tú aon fhreagra ón eagraíocht laistigh de thréimhse réasúnach nó nach mbeidh tú sásta leis an bhfreagra uaithi, féadfaidh tú d'ábhar imní a chur in iúl dúinn. Iarrfaimid ort cóipeanna den chomhfhreagras idir tú féin agus an eagraíocht a chur faoi iamh, toisc go mbrostóidh sé sin ár measúnú ar do ghearán. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil **anseo** faoi na cineálacha gearán a nglacaimid leo agus faoinár nósanna imeachta láimhseála gearán.

Beidh cora ann ina bhféadfaidh tú an chéim seo a léim agus d'ábhar imní a chur in iúl go díreach dúinn má tá tromchúis ar leith ag baint leis. Mar shampla, má tá fianaise agat gur cailleadh sonraí pearsanta do linbh, gur nochtadh go míchuí iad nó gur úsáideadh iad chun críche míchuí, féadfaidh tú fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sin láithreach bonn agus ba cheart duit déanamh amhlaidh.

## An mbeidh orm a chruthú gur tuismitheoir nó caomhnóir mo linbh mé?

Beidh sé sin ag brath ar na himthosca. I gcásanna áirithe, tá seans ann go mbeidh ort d'aitheantas a chruthú má tá sé sin comhréireach agus réasúnach sna himthosca. Faoin dlí cosanta sonraí, ní mór d'aon eagraíocht a bhfuil sonraí do linbh ina seilbh aici a chinntiú go gcoinneofar na sonraí sin slán sábháilte. Áirítear leis sin a chinntiú nach gcomhroinnfear faisnéis do linbh ach amháin le daoine atá i dteideal í a fheiceáil. Mura ndéanfaí é sin, d'fhéadfadh aon duine a deir gur tusa é/í cóip de shonraí pearsanta do linbh a fháil go héasca.

Ní chiallaíonn sé sin nach mór duit d'aitheantas a chruthú le cinnteacht iomlán i ngach cás, áfach. Ní mór don eagraíocht modhanna atá réasúnach agus comhréireach a roghnú chun na sonraí a shealbhaíonn sí faoi do leanbh a chosaint. Ina lán cásanna, ní bheidh tuilleadh cruthúnais ag teastáil ón eagraíocht toisc gur cheart go sealbhódh sí dóthain faisnéise fút cheana féin chun d'aitheantas a dheimhniú.

Mar shampla, más rud é go bhfuil tú ag déanamh iarraidh chuig scoil do linbh ar chóip de shonraí do linbh agus gur thaifead an scoil thú mar thuismitheoir nó caomhnóir an linbh cheana féin, níor cheart go mbeadh tuilleadh cruthúnais ag teastáil toisc go bhfuil aithne ag an scoil ort cheana féin agus gur féidir léi d'aitheantas a sheiceáil in

aghaidh na faisnéise atá ar comhad aici fút.
Más rud é go bhfuil tú ag déanamh iarraidh chuig cuideachta meán sóisialta nó cuideachta cluichíochta ar fhaisnéis faoi chuntas do linbh agus go bhfuil cuntas péireáilte nó deais tuismitheora agat cheana féin chun maoirseacht a dhéanamh ar do leanbh, ba cheart gur leor iarraidh ort logáil isteach chun d'aitheantas a dheimhniú – tá aithne ag an gcuideachta ort agus tá fianaise aici ar do chaidreamh le do leanbh cheana féin. Mar an gcéanna, má tá do mhionsonraí cárta creidmheasa aici, ba cheart go mbeadh dóthain faisnéise ag an gcuideachta cheana féin chun d'aitheantas a dheimhniú.

Mar sin féin, má bhaineann d'iarraidh le cuntas ar líne a bhunaigh do leanbh go dleathach ach gan aon rannpháirtíocht uait (e.g., seoladh pearsanta ríomhphoist, cuntas pearsanta meán sóisialta nó cuntas pearsanta cur teachtaireachtaí), is dóigh go mbeidh ar an eagraíocht d'aitheantas a fhíorú ar shlí éigin sula n-aontóidh sí déileáil leat mar thuismitheoir an linbh. Is é an difríocht sa chás seo ná nach bhfuil aon aithne ag an gcuideachta ort agus nach bhféadfaidh sí faisnéis do linbh a thabhairt d'aon duine atá ag rá gur tuismitheoir an linbh é/í.

Léirítear sna samplaí sin freisin a thábhachtaí atá sé **do phasfhocail, d'uimhreacha fóin, do sheoltaí ríomhphoist agus faisnéis phearsanta eile a choinneáil slán sábháilte, go háirithe más féidir iad a úsáid chun sonraí do linbh a rochtain**. Bain úsáid as pasfhocail chasta uathúla i gcónaí nuair a bhunaíonn tú uirlisí maoirseachta tuismitheora, logáil amach i gcónaí tar éis duit fiosrú faoi do leanbh, agus ná fág d'fheistí gan aon duine ina mbun in áit phoiblí in am ar bith.

## Cén uair atá cead mo linbh ag teastáil uaim?

Is fiú i gcónaí ról a thabhairt do do leanbh má tá sé/sí sean go leor chun cosaint sonraí a thuiscint agus chun cead a thabhairt duit gníomhú thar a c(h)eann. Is fiú é sin a dhéanamh toisc go bhfuil ceart aonair chun príobháideachta ag do leanbh agus toisc nach bhfuil aon dearbhcheart ag tuismitheoirí cearta cosanta sonraí a leanaí a fheidhmiú. Cé gur féidir talamh slán a dhéanamh de go ngníomhóidh tuismitheoirí thar ceann leanaí an-óg, dá shine do leanbh is ea is mó seans go mbeidh ort cead a fháil uaidh/uaithi sula ndéanfaidh tú aon ghníomh thar a c(h)eann.

Is fíor sin go háirithe i ndáil le lorg digiteach do linbh. Ar chuid mhór de na hardáin ar líne is mó tóir, ceadaítear do dhéagóirí cuntais a chruthú gan cead a fháil óna dtuismitheoirí ar dtús. Mar riail ghinearálta, má bhaineann do ghearán le cuntas ar líne a chruthaigh do leanbh go cuí leis/léi féin, beidh teorainn ann ar a bhféadfaidh tú a dhéanamh gan rannpháirtíocht do linbh. Tá seans ann nach mbeidh tú in ann an cuntas a rochtain mar thuismitheoir ach amháin i gcás go dtabharfaidh do leanbh na mionsonraí logála isteach duit. Sin an fáth **ar fiú i gcónaí na cineálacha iarrataí sin a dhéanamh in éineacht le do leanbh nuair is féidir, go háirithe má tá do leanbh sean go leor ón taobh dleathach de chun na meáin shóisialta a úsáid leis/léi féin.** Cabhróidh sé sin leat do leanbh a chosaint ar shlí a gcumhachtaítear é/í. Cabhróidh sé freisin le réiteach a dhéanamh ar aon ábhair imní atá ag an gcuideachta maidir le mainneachtain an ceart chun príobháideachta atá ag do leanbh a urramú.

Ar ndóigh, más rud é nach bhfuil do leanbh in ann cead a thabhairt duit ar chúis éigin agus go bhfuil cruthúnas agat ar an gcúis sin, ba cheart duit cead a bheith agat chun gníomhú thar ceann do linbh.

## Cén uair a fhéadfaidh mo leanbh tosú ag clárú do sheirbhísí ar líne gan cead a fháil uaim?

Cé go bhfuil an aois toilithe dhigitigh in Éirinn socraithe ag 16 bliana d'aois, féadfaidh a lán seirbhísí ar líne cead a thabhairt do leanaí atá chomh hóg le 13 bliana d'aois clárú gan toiliú tuismitheora, ag brath ar an mbunús dlí ar a dtairgtear an tseirbhís. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi cén uair atá agus nach bhfuil toiliú tuismitheora ag teastáil faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, féach an treoir uainn dar teideal **"Toiliú agus sonraí mo linbh"**.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil na haoiseanna clárúcháin do na haipeanna meán sóisialta, na seirbhísí cur teachtaireachtaí agus na soláthraithe ríomhphoist is mó tóir sa raon idir 13 bliana d'aois agus 16 bliana d'aois. A luaithe a bhaineann do leanbh 13 bliana d'aois amach, féadfaidh sé/sí tosú ag clárú do sheirbhísí áirithe meán sóisialta agus do sheirbhísí áirithe eile ar líne gan cead a fháil uait. Tá uirlisí maoirseachta tuismitheora i bhfeidhm ag cuid mhór de na seirbhísí ar líne a bhfuil tóir ag leanaí orthu. Áirítear leo sin deaiseanna tuismitheora agus gnéithe 'cuntas teaghlaigh' nó 'cuntas linbh' lena bhféadtar cabhrú leat maoirseacht a dhéanamh ar do leanaí agus iad ar líne. Mar sin féin, más rud é go bhfuil do leanbh sean go leor agus gur chruthaigh sé/sí a c(h)untais ríomhphoist agus meán sóisialta féin cheana féin, beidh ort cur ina luí air/uirthi cead a thabhairt duit na huirlisí maoirseachta sin a bhunú. Is minic a bhíonn sé níos éasca é sin a rá ná é sin a dhéanamh.

Sin an fáth **ar cheart do thuismitheoirí smaoineamh roimh ré faoi conas ba mhaith leo maoirseacht a dhéanamh ar a leanaí agus iad a chosaint agus iad ar líne**. Má fhágann tú go rómhall é, beidh seans ann gur lú an mhaoirseacht a bheidh tú in ann a dhéanamh ar shaol digiteach do linbh ná an mhaoirseacht ba mhaith leat a dhéanamh. Sula gceannaíonn tú fón, táibléad, ríomhaire glúine nó feiste Idirlíon-chumasaithe eile do do leanbh den chéad uair riamh, **déan roinnt taighde ar bhogearraí rialaithe tuismitheora agus ar scagairí Gréasáin agus smaoinigh faoi na cosaintí ba mhaith leat a bheith ar fáil ar fheistí do linbh**. Más féidir, labhair le do leanbh faoi na haipeanna meán sóisialta ina bhfuil spéis aige/aici sula mbaineann sé/sí an aois clárúcháin amach. Nuair atá sé/sí sean go leor, abair le do leanbh go mbunóidh tú próifíl do linbh in éineacht leis/léi ionas gur féidir leat aon rialuithe tuismitheora a chasadh air agus iarraidh ar do leanbh an pasfhocal a thabhairt duit lena úsáid i gcás éigeandálaí.

## Cad ba cheart dom a dhéanamh má tá mo leanbh ró-óg chun cuntas meán sóisialta a bheith aige/aici?

Má chruthaigh do leanbh cuntas nár cheart dó/di bheith in ann é a chruthú (e.g., trí bhréag a insint faoina (h)aois), ba cheart duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gcuideachta agus a shocrú go scriosfaí an cuntas. Tá foirmeacha teagmhála agus uirlisí eile i bhfeidhm ag ardáin meán sóisialta chun na críche sin. Tá sé an-tábhachtach nach gcabhrófá le do leanbh aipeanna agus seirbhísí aoisteoranta a rochtain sula bhfuil sé/sí sean go leor chun iad a úsáid.

## Nach leor fón mo linbh a thógáil uaidh/uaithi mura n-éisteann sé/sí liom? Is mise a íocann as, i ndeireadh na dála.

Cé gur féidir leat an fón a thógáil uaidh/uaithi, tá baol ann go spreagfaidh sé sin do do leanbh gabháil go rúnda do ghníomhaíochtaí ar líne. Is féidir le do leanbh cuntais a chruthú go héasca faoi ainm bréagach agus faoi dháta breithe bréagach ar chuid mhór ardán meán sóisialta. Fiú amháin i gcás go dtógfaidh tú an fheiste uaidh/uaithi, beidh do leanbh in ann a c(h)untas meán sóisialta a rochtain ar bhealaí eile, mar shampla trí ríomhairí scoile a úsáid, trí chuairt a thabhairt ar chaiféanna Idirlín nó trí fheistí a c(h)airde a thógáil ar iasacht. Ní réiteach fadtéarmach, ar ndóigh, atá i bhfeistí do linbh a thógáil uaidh/uaithi in aon chás. Is é an cur chuige is fearr i ngach cás ná teacht ar bhealaí inar féidir leat cabhrú le do leanbh a thuiscint cé chomh tábhachtach agus atá sé a p(h)ríobháideacht a chosaint agus é/í ar líne, ar bealaí iad ar féidir leis/léi, agus a bhfuil sé/sí ag iarraidh, úsáid a bhaint astu nuair nach bhfuil tú ina c(h)uideachta.

Sin an fáth **nach mór do thuismitheoirí bheith pragmatach le linn dóibh maoirseacht a dhéanamh ar a leanaí ar líne agus nach mór dóibh an ceart chun príobháideachta atá ag a leanaí a urramú**. Labhair le do leanbh faoi aon ábhair imní atá agat faoi na nithe a dhéanann sé/sí ar na meáin shóisialta agus ar líne, éist lena bhfuil le rá aige/aici, agus déan iarracht cur ina luí air/uirthi aontú le do thuairimí féin. Ná leag aon rialacha síos. Dá dhéine a dhéileálann tú le do leanbh is ea is mó seans go dtosóidh sé/sí ar a g(h)níomhaíocht ar líne a cheilt, rud a chuirfidh sé/sí i mbaol méadaithe.

Ní hé sin le rá go bhfuil aon cheart ag do leanbh chun cuntas meán sóisialta nó a f(h)eistí féin a bheith aige/aici sula measann tú go bhfuil sé/sí réidh. Ní gá duit bheith solúbtha ná géilleadh do do leanbh agus tú ag cinneadh cén uair is féidir le do leanbh a f(h)ón, a t(h)áibléad nó a c(h)onsól cluichí féin a bheith aige/aici agus ag cinneadh na gcoinníollacha faoinar féidir leis/léi aon cheann de na nithe sin a bheith aige/aici. Ní gá duit cloí lena ndéanann tuismitheoirí eile, agus is cinnte nár cheart duit dul faoi bhun na rátálacha íosta aoise in aon chás. Thar aon ní eile, is gá duit labhairt le do leanbh faoi na saincheisteanna sin ionas go dtarlóidh sé, má chinneann tú gur mhaith leat fanacht go dtí go mbeidh sé/sí beagáinín níos sine, go dtuigfidh agus go n-urramóidh do leanbh an cinneadh sin agus go mbraithfidh sé/sí gur éisteadh leis/léi.

### NA PRÍOMHTHÁTAIL ATÁ LE BAINT AG TUISMITHEOIRÍ

- **Coinnigh slán sábháilte aon seoltaí ríomhphoist, aon uimhreacha fóin, aon phasfhocail agus aon fhaisnéis eile is féidir a úsáid chun sonraí do linbh a rochtain. Bain úsáid as pasfhocail láidre i gcónaí agus deaiseanna tuismitheora agus uirlisí faireacháin eile á mbunú agat.**

- **Déan iarracht i gcónaí ról a thabhairt do do leanbh le linn a c(h)earta cosanta sonraí a fheidhmiú má tá sé/sí aibí go leor, toisc go gcabhróidh sé sin le do leanbh cosaint sonraí agus an tábhacht a bhaineann léi a thuiscint.**

- Labhair le do leanbh roimh ré faoi na meáin shóisialta, na haipeanna agus na cluichí a bhfuil sé/sí ag iarraidh úsáid a bhaint astu agus é/í níos sine, agus déan do thaighde féin. Nuair atá do leanbh réidh, abair leis/léi go mbunóidh tú a f(h)eistí agus a c(h)untais meán sóisialta in éineacht leis/léi ionas gur féidir leat tuilleadh maoirseachta a bheith agat.

- Le linn duit maoirseacht a dhéanamh air/uirthi ar líne, déan iarracht bheith pragmatach agus an ceart chun príobháideachta atá ag do leanbh a urramú. Ná braith ag an am céanna gur gá duit cead a thabhairt do do leanbh seirbhísí difriúla ar líne nó feistí difriúla a úsáid sula measann tú go bhfuil sé/sí réidh.

- Glac leis gur dóigh go mbeidh úsáid na meán sóisialta agus úsáid seirbhísí eile ar líne ina gcuid de shaol do linbh de réir mar a fhásann sé/sí aníos. Cabhraigh le do leanbh a c(h)earta agus a p(h)ríobháideacht a aithint agus a urramú agus foghlaim faoi conas is féidir leis/léi é/í féin a chosaint.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission
www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,
DO2 RD28, Éireann.